# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2014**

# STAIDÉAR GNÓ – GNÁTHLEIBHÉAL

DÉ MÁIRT 10 MEITHEAMH 2014 – MAIDIN 9.30-12.00

## ROINN B

**(300 marc)**

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- Freagair **cúig** cheist ar bith.
- Bronnfar marcanna ar an obair, ar an leagan amach agus ar an gcur i láthair.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo faoi Bhuiséad Teaghlaigh.**
*(Le comhlánú ar Leathanach 9 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Seo thíos buiséad do theaghlach Ui Laoi do na ceithre mhí, ó Mheán Fomhair go mí na Nollag 2014:

Is é an tAirgead Tosaigh ar Láimh ná €425.

**Ioncam Pleanáilte**

- Tuilleann Brian Ó Laoi €1,800 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aige le bónas Nollag €400 glan i mí na Nollag.
- Tuilleann Áine Uí Laoi €3,200 glanphá in aghaidh na míosa agus tá súil aici le **laghdú** de €300 in aghaidh na míosa ó 1 Samhain 2014.
- Ceaptar go mbeidh Sochar Leanai €250 in aghaidh na mhíosa acu.

**Caiteachas Pleanáilte**

- Is é an cíos tí ná €600 in aghaidh na míosa ach **méadóidh** sé seo go dti €650 in aghaidh na míosa ó 1 Deireadh Fómhair 2014.
- Íocann teaghlach Uí Laoi árachas gluaisteáin de €780 in aghaidh na bliana, iníoctha go **míosúil** ó 1 Meán Fómhair 2014.
- Íocann teaghlach Ui Laoi préimh árachas sláinte de €190 in aghaidh na míosa. **Méadófar** an phréimh seo de €25 ó 1 Deireadh Fómhair 2014.
- Ceaptar gur €1,900 in aghaidh na míosaa bheidh ar chostais teaghlaigh, ach amháin i mí na Nollag nuair a bheidh siad €500 **sa bhreis**.
- Ceaptar gur €230 in aghaidh na míosa a bheidh mar chostais reatha gluaisteáin ar Bhriain agus €150 in aghaidh na míosa ar Áine. Tá seirbhís dlite do ghluaisteán Áine i mí Mheán Fomhair agus ceaptar go gcosnóidh sé sin €120 **sa bhreis.**
- Ceaptar go mbeidh €150 ar bhillí leictreachais le haghaidh solais agus teasa i mí Dheireadh Fómhair agus €190 i mí na Nollag. Cosnóidh ola teasa €900 i mí na Samhna.
- Íocann teaghlach Uí Laoi €45 in aghaidh na miosa le haghaidh canálacha teilifíse. Cosnóidh an ceadúnas teilifise bliantúil €160 i mí Dheireadh Fómhair.
- Maidir le costais oideachais, cuirfear iPad nua a chosnóidh €450 i mí Mheán Fómhair agus turas scoile a chosnóidh €300 i mí na Samhna san áireamh.
- Cosnóidh bronntanais Nollag €850 i mí na Nollag.
- Cosnóidh siamsaíocht €120 in aghaidh na míosa ach amháin i mí na Nollag, nuair a chosnóidh sí €380 sa **bhreis** le haghaidh cóisir Chinn Bhliana.
- Tá saoire in áirithe ag teaghlach Uí Laoi a chosnóidh €2,800. Caithfear éarlais de €800 a íoc i mí Mheán Fómhair agus an iarmhéid i mí na Samhna.

**(A)** Comhlánaigh an fhoirm bhán do Bhuiséad Teaghlaigh *(ar leathanach 9 den Leabhrán)* agus tú ag baint úsáide as na figiúirí uile thuas. (50)

**(B)** Ríomh an phréimh árachais sláinte bhliantúil a íocann teaghlach Ui Laoi. Taispeain do fhreagra agus do chuid oibre *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(C)** An le teaghlach Ui Laoi an teach ina gcónaíonn siad? Luaigh cúis **amháin** le do fhreagra. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanach 9 den Leabhrán.)* (5)

**(60 marc)**

**2.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 10 agus 11 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo*:**

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair de Rossa Tta ar an 31 Nollaig 2013, deireadh na bliana airgeadais. Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 400,000 gnáthscaireanna ar €1 an ceann.

| **Comhardú Trialach de Rossa Tta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2013** | **Dr** € | **Sr** € |
|---|---|---|
| Díolacháin ar Airgead Tirim | | 420,000 |
| Ceannacháin ar Airgead Tirim | 275,000 | |
| Carraeireacht Isteach | 4,150 | |
| Stoc Tosaigh ar an 1 Eanáir 2013 | 42,350 | |
| Pá | 61,250 | |
| Teileafón | 2,150 | |
| Cíos agus Rátaí | 19,450 | |
| Árachas | 7,800 | |
| Fógraíocht | 1,350 | |
| Díbhinn Íoctha | 4,650 | |
| Rótharraingt Bhainc | | 49,000 |
| Airgead Tirim ar Láimh | 7,350 | |
| Scairchaipiteal Eisithe i Scaireanna €1 | | 270,000 |
| Áitreabh | 185,000 | |
| Daingneáin agus Feistis | 47,500 | |
| Feithiclí Mótair | 81,000 | |
| | 739,000 | 739,000 |

Ba é an Stoc Deiridh ar an 31 Nollaig ná €56,500.

**(A)** Ó na figiúirí thuas, ullmhaigh:

(i) **Cuntas Trádála**, **Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** le haghaidh de Rossa Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013. (*Freagair ar lch. 10 den Leabhrán*)

(ii) **Clár Comhardaithe** mar a bhí ar an 31 Nollaig 2013.
*(Freagair ar leathanach 11 den Leabhrán.)* (45)

**(B)** (i) Mínigh an téarma 'Rótharraingt Bhainc' sa Chomhardú Trialach thuas.
*(Freagair ar leathanach 11 den leabhrán)*

(ii) Ríomh an Brabús Glan mar chéatadán de Dhíolacháin ar Airgead Tirim agus tú ag baint úsáide as an bhfoirmle atá curtha ar fail:

$$\frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Díolacháin ar Airgead Tirim}} \times \frac{100}{1}$$

Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar lch 11 den Leabhrán.)* (15)

**(60 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le hÁrachas agus le Litir a Scríobh.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***




Tá Cathal Ó Cinnéide ina chónaí ag 14 Radharc na Raithní, Callainn, Co. Chill Chainnigh. Is mian leis árachas a chur ar a theach agus ar an inneachar chomh maith. Tá luach €190,000 curtha ar a theach agus luach €45,000 ar an inneachar. Tá aláram buirgléara suiteáilte aige.

Ar an 3 Meitheamh 2014, fuair sé an luachan árachais seo a leanas ó Mhícheál Ó Lionáird, Bainisteoir, Cuideachta Árachais Ghort Ard Tta:

| **Cuideachta Árachais Ghort Ard Tta**<br>**16 Sráid an Chaisleáin, Cill Chainnigh**<br>**Luachan Árachais – 30 Bealtaine 2014** | |
|---|---|
| Foirgnimh | €24.50 an €10,000 |
| Inneachar | €6.50 an €1,000 |
| Aláram Buirgléara Suiteáilte | Lascaine 10% |

**(A)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas atá ar fáil sa luachan árachais thuas, ríomh an glanchostas iomlán ar theach Chathail Ui Chinnéide agus an inneachar a chur faoi árachas. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 12 den Leabhrán.*) (12)

Ar an 6 Meitheamh 2014, scríobh Cathal litir chuig Micheál Ó Lionáird, Bainisteoir, Cuideachta Árachais Ghort Ard Tta. Sa litir, ghabh sé buíochas le Micheál as ucht an luachan árachais a sheoladh chuige. Dúirt sé go raibh sé sásta glachadh leis an luachan go hiomlán agus go raibh aláram buirgléara suiteáilte aige. Dúirt sé freisin go raibh seic istigh lena litir ar ghlanchostas iomlán na préimhe. Dúirt sé ansin go mbeadh suim aige i luachan le haghaidh a ghluaisteáin Ford Focus 2012.



**(B)** Scríobh an litir a sheol Cathal Ó Cinnéide chuig Micheál Ó Lionáird i gCuideachta Árachais Ghort Ard Tta ar an 6 Meitheamh 2014. *(Freagair sa spás atá curtha ar fáil ar leathanaigh 12 agus 13 den Leabhrán.)* (40)

**(C)** Freagair **gach ceann** de na ceisteanna seo a leanas (*ar leathanach 13 den Leabhrán*):

(i) Ní mór do dhuine atá ag iarraidh árachas a fháil foirm iarratais a chomhlánú ag tabhairt sonraí ar na rudaí atá le hárachú. Ainmnigh an fhoirm seo.

(ii) Ainmnigh an fhoirm is gá do dhuine a chomhlánú nuair a bhíonn cúiteamh á iarraidh ón gcuideachta árachais i gcás caillteanais.

(8)

**(60 marc)**

**4.** **Ceist í seo ar Obair, ar Fhostaíocht agus ar Choigilteas.**
*(Le comhlánú ar Leathanach 14 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Aoife Ní Loingsigh fostaithe mar Chúntóir Díolacháin ag Stóir na Sionnainne Tta. Oibríonn sí 35 uair an chloig sa tseachtain de ghnáth. Má oibríonn sí níos mó ama, faigheann sí pá ragoibre de réir am go leith.

Seo a leanas duillín pá Aoife i gcomhair 23 Bealtaine 2014:

| Uimh. Fostaí 10 | **Aoife Ní Loingsigh** | Seachtain 21 | Dáta: 23 Bealtaine 2014 | |
|---|---|---|---|---|
| PÁ: | € | ASBHAINTÍ: | € | **Stóir na Sionnainne Tta** |
| BUNPHÁ | 420.00 | ÍMAT | 79.20 | |
| RAGOBAIR | 108.00 | ÁSPC | 36.96 | |
| | | COIGILTEAS | 20.00 | GLANPHÁ |
| OLLPHÁ | 528.00 | ASBHAINTÍ IOMLÁNA | 136.16 | €391.84 |

*Freagair na ceisteanna go léir i gCuid (A) sna spásanna atá curtha ar fáil ar lch. 14 den Leabhrán.*

**(A)** (i) Ríomh bunphá Aoife Ní Loingsigh in aghaidh na huaire an chloig. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(ii) Ríomh cé mhéad a thuilleann sí as uair an chloig amháin ragoibre. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre.

(iii) Ríomh an líon uaireanta an chloig ragoibre a d'oibrigh sí i Seachtain 21. Taispeáin do fhreaga agus do chuid oibre.

(iv) Mínigh an téarma 'Ollphá.'

(v) Asbhaineann fostóir Aoife €20 gach seachtain óna pá le haghaidh scéim choigiltis. Luaigh **dhá** shórt éagsúla institiúide inarbh fhéidir an t-airgead seo a chur chun toradh a thuilleamh do Aoife.

(24)

An tseachtain ina dhiaidh sin d'oibrigh Aoife ar feadh 39 uair an chloig. Rinneadh €75.80 a asbhaint mar ÍMAT agus 7% da hollphá a asbhaint mar ÁSPC. Ní raibh aon athrú ar a bunphá ná ar an asbhaint le haghaidh scéim choigiltis.

**(B)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas seo, comhlánaigh a duillín pá do Sheachtain 22 *(ar leathanach 14 den Leabhrán)*. (20)

**(C)** Breac síos **dhá** cheart atá ag Aoife agus **dhá** fhreagracht atá uirthi mar fhostaí i Stóir na Sionnainne Tta. *(Freagair ar leathanach 14 den Leabhrán.)* (16)

**(60 marc)**

**5.** **Baineann an cheist seo le Doiciméid Ghnó.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 15, 16 agus 17 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo**:*

Tá Mícheál Ó Briain ina bhainisteoir ceannacháin ag Ollríomhairí Tta, Eastát Tionsclaíoch an Chonartha, Luimneach. Ar an 19 Bealtaine 2014, seolann sé ordú (Uimh. 3678) chuig An Bainisteoir, Soláthair Leictreon Tta, Páirc Ghnó na hAbhann Móire, Mala, Co. Chorcaí le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 30 | Ríomhairí Glúine Toshiba | Déanamh TL564 | @ | €350.00 an ceann |
| 15 | Icon Acer | Déanamh AI311 | @ | €415.00 an ceann |
| 85 | Printéirí Epson | Déanamh EP602 | @ | €120.00 an ceann |
| 50 | Táibléid Sony | Déanamh ST232 | @ | €160.00 an ceann |

**(A)** (i) Cén doiciméad gnó a sheiceálfadh Mícheál Ó Briain sula seolfadh sé an t-Ordú chuig Soláthair Leictreon Tta? *(Freagair ar leathanach 15 den Leabhrán.)*

(ii) Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an t-Ordú bán Uimh. 3678 *(ar lch. 15 den Leabhrán*). (21)

**(B)** Tá na hearraí go léir a ordaíodh sa stoc ach amháin na Printéirí Epson. Seachadtar na **Ríomhairi Glúine, na hIcon** agus **na Táibléid** ar thrucail go Ollríomhairí Tta ar an 22 Bealtaine 2014. Seiceálann Mícheál na hearraí nuair a thagann siad agus síníonn sé an Duillín Seachadta. Tugann an tiománaí trucail Sonrasc Uimh. 1560, dar dáta 22 Bealtaine 2014, dó ansin.

Tá lascaine thrádála 15% agus CBL 20%. ar gach earra.
Ó na sonraí thuas, comhlánaigh an Sonrasc bán Uimh. 1560 *(ar leathanach 16 den Leabhrán*). (30)

**(C)** Tar éis an Sonrasc a sheiceáil, scríobhann Mícheál seic thar ceann Ollríomhairí Tta mar íocaíocht iomlán ar na hearraí. Ansin tugann sé don tiománaí trucail é lena thabhairt ar ais go dtí Soláthair Leictreon Tta. Ar an lá céanna, iontráiltear an beart seo i gCuntas Bainc Ollríomhairí Tta.



Iontráil an íocaíocht seic i gCuntas Bainc Ollríomhairí Tta.
*(Bain úsáid as ceann amháin de na cuntais bhainc ar leathanach 17 den Leabhrán)* (9)

**(60 marc)**

**6.** | **Is ceist í seo ar Mhionairgead.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 18 agus 19 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Tá Eibhlín Ní Cheallaigh ina Bainisteoir Oifige ag Foster Tta. Úsáideann sí Leabhar Mionairgid.
I dtosach gach míosa bíonn óinchiste de €350 aici.

Ar an 1 Feabhra 2014, bhí iarmhéid €350 ar láimh sa Leabhar Mionairgid.

Bhí na bearta mionairgid seo a leanas aici i rith mhí na Feabhra 2014.

| | | |
|---|---|---|
| Feabhra | 3 | Cheannaigh sí clúdaigh litreach (páipéarachas) ar €15 – Dearbhán Mionairgid 71. |
| | 4 | Chaith si €21 ar phostas – Dearbhán Mionairgid 72. |
| | 6 | Cheannaigh sí páipéar fótachóipeála (páipéarachas) ar €20 – Dearbhán Mionairgid 73. |
| | 10 | Chaith sí €16 ar earraí glantacháin don oifig– Dearbhán Mionairgid 74. |
| | 11 | D'íoc si €10 le cumann carthanachta áitiúil le haghaidh ticéad raifil – Dearbhán Mionairgid 75. |
| | 14 | D'íoc sí €65 as deisiú ríomhaire – Dearbhán Mionairgid 76. |
| | 18 | D'íoc sí €40 as an oifig a ghlanadh – Dearbhán Mionairgid 77. |
| | 19 | D'íoc sí €27 le Fastcabs Tta i gcomhair tacsaí don Bhainisteoir Díolacháin – Dearbhán Mionairgid 78. |
| | 20 | Cheannaigh sí dúch don phrintéir (páipéarachas) ar €28 – Dearbhán Mionairgid 79. |
| | 21 | D'íoc sí €20 as deisiú dhoras na hoifige – Dearbhán Mionairgid 80. |
| | 26 | D'íoc sí €12 as beartán a chur sa phost – Dearbhán Mionairgid 81. |
| | 27 | D'íoc sí €30 as deisiú fótachóipeálaí – Dearbhán Mionairgid 82. |

**(A)** Iontráil an beart den 19 Feabhra 2014 sa Dearbhán Mionairgid.
*(Freagair ar leathanach 18 den Leabhrán.)*

(12)

**(B)** (i) Luaigh cúis **amháin** go mbaineann gnólacht úsáid as Leabhar Mionairgid.
*(Freagair ar leathanach 18 den Leabhrán.)*

(ii) Breac go hiomlán an Leabhar Mionairgid do mhí Feabhra 2014.
Bain úsaid as na colúin miondealaithe seo a leanas:

**Postas** **Páipéarachas** **Deisiúcháin** **Glantacháin** **Eile**

Suimigh **gach** colún miondealaithe agus comhardaigh an Leabhar Mionairgid ag deireadh mhí na Feabhra. *(Freagair ar leathanach 19 den Leabhrán.)*

(48)

**(60 marc)**

**7.** **Baineann an cheist seo le Córais Seachadta.**
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 20 agus 21 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Úsáideann formhór na gcuideachtaí in Éirinn iompar bóthair chun earraí a sheachadadh.


(i) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le húsáid iompar bóthair.

(ii) Mínigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le húsáid iompar bóthar.

(*Freagair ar leathanach 20 den Leabhrán.*)

(16)

**(B)** Seachadann Cúiréirí Sciobtha Tta earraí thar oíche chuig gnólachtaí timpeall na tíre. Taistealaíonn a veaineanna ar luas 50 ciliméadar san uair ar an meán. Caithfidh na tiománaithe sos uair an chloig a ghlacadh tar éis gach ceithre huaire an chloig tiomána.



D'iarr gnólacht i nGaillimh ar Chúiréiri Sciobtha Tta paicéad a sheachadadh go práinneach go dtí siopa i Loch Garman, 275 ciliméadar ó bhaile. Ní mór an paicéad a thabhairt ar láimh roimh 11.00 a.m. an mhaidin dar gcionn.

(i) Ríomh an t-am is déanaí is féidir le tiománaí ó Chúireirí Sciobtha Tta imeacht ó Ghaillimh chun an paicéad a thabhairt ar láimh faoi 11.00 a.m. i Loch Garman. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre (*ar leathanach 20 den Leabhrán*).

(ii) Má thaistealaíonn an veain seachadta 25 ciliméadar do gach lítear dhíosail, ríomh cé mhéad lítear díosail a úsáideadh ar an **aistear fillte** go Loch Garman agus ar ais. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*.

(iii) Má chosain an díosal €1.50 an lítear, ríomh costas iomlán an díosail a úsáideadh. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre *(ar leathanach 20 den Leabhrán)*.

(32)

**(C)** Mínigh **dhá** cheann de na téarmai seo a leanas a bhaineann le hiompar in Éirinn:

Lánaí Rothair

Dolabhóithre

Mótarbhealaí

Tolláin.

*(Freagair ar leathanach 21 den Leabhrán.)*

(12)


**(60 marc)**

**8.** **Baineann an cheist seo le Trádáil Idirnáisiúnta, Rátaí Malairte agus Cur Chun Cinn Díolachán**.
*(Le comhlánú ar Leathanaigh 22 and 23 den Leabhrán Scrúdaithe)*

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Onnmhairíonn Céinbhianna Tta táirgí talmhaíochta ó Éirinn go dtí tíortha éagsúla.
Sa mbliain 2013, bhí na honnmhairí seo a leanas ag an gcuideachta (taispeántar na figiúirí i mílte):

| **Onnmhairí** | **€000** |
|---|---|
| An Bhrasaíl | 20 |
| SAM | 60 |
| An Spáinn | 40 |
| An Ind | 30 |
| An tSín | 70 |
| An Ghearmáin | 40 |



**(A)** Agus tú ag baint úsáide as an eolas thuas:

(i) Taispeáin na figiúirí thuas le **Barrachairt** nó le **Histeagram.** (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(ii) Ríomh onnmhairi iomlána Chéinbhianna Tta don bhliain 2013. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. *(Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.)*

(iii) Tá dhá cheann de na tíortha thuas i limistéar an euro, is é sin le rá go bhfuil an euro mar airgeadra acu. Ainmnigh an **dá** thír. (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(iv) Ainmnigh **dhá** thír eile atá i limistéar an euro. (*Freagair ar leathanach 22 den Leabhrán.*)

(34)

**(B)** (i) Luaigh **dhá** chúis go n-onnmhairíonn Éire earraí agus seirbhísí go dtí tiortha eile. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.*)

(ii) Mínigh **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a bheith ag Céinbhianna Tta dá mba mhian leo táirgí talmhaíochta a onnmhairiú go dti an Ríocht Aontaithe (RA). (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.*)

(16)

**(C)** Tá Gearóid Ó Cearbhaill ina Bhainisteoir Díolacháin i gCéinbhianna Tta. Tá sé ag dul go dtí an RA chun diolacháin a chur chun cinn ann. Cuireann se óstán in áirithe do sheachtain a chosnaíonn £630.00 (Steirling).

(i) Más é an Ráta Malairte ná €1 = £0.84, ríomh an méid euro a bheidh air a íoc ar a bhille óstáin. Taispeáin do fhreagra agus do chuid oibre. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.*)



(ii) Luaigh **dhá** shampla de chur chun cinn díolachán. (*Freagair ar leathanach 23 den Leabhrán.*)

(10)

**(60 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán